C/2025/3227

11.6.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3227)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Piacentinu Ennese'

Uimh. AE: PDO-IT-0646-AM01 — 31.3.2025

1. **Ainm an táirge**

'Piacentinu Ennese'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

MASAF [An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Tagann na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach toisc nach bhfuil i gceist leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, nach bhfuil an baol ann go gcuirfidh siad an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní agus nach bhfuil srianta breise i gceist leo maidir le margú an táirge.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.2 den doiciméad aonair maidir leis an tuairisc ar an táirge*

Go sonrach, baineann an leasú le hairde na sáile agus le trastomhas aghaidh chothrom an rotha.

Leagan nua:

'Airde na sáile: 11 cm ar a laghad agus 15 cm ar a mhéad, le trastomhas íosta [...] 20 cm i gcás na n-aghaidheanna cothroma, a fhaightear trí chiseán giolcacha a úsáid.'

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Laghdaíodh méid na cáise chun dhá phríomhcheanglas a chomhlíonadh:

níos mó solúbthachta a thabhairt do cháiseoirí ceardaíochta chun táirgeadh cáise a chur in oiriúint do na cainníochtaí bainne a tháirgtear, agus chun freagairt ar bhealach níos éifeachtaí d'éileamh an mhargaidh ar cháiseanna níos lú.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair maidir le bia*

Leagan nua:

'Féadfar gránach, léagúim agus dlúthbhianna simplí nó casta a chur leis sin'

Baineadh an toirmeasc ar OGManna.

Le blianta beaga anuas, tá sé léirithe go bhfuil sé an-deacair an srian sin a chomhlíonadh agus go bhfuil ualach an-mhór ag baint leis do tháirgeoirí.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 3 den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den doiciméad aonair maidir leis an limistéar geografach sainithe*

Baineann an leasú le leathnú an limistéir gheografaigh chun cúige Enna ina iomláine a chumhdach.

Leagan nua:

'Cuimsítear sa limistéar táirgeachta bainne, cáiseoireachta agus aibithe le haghaidh "Piacentinu Ennese" cúige riaracháin Enna ina iomláine inar tógadh go traidisiúnta caoirigh de phórtha dúchasacha a bheathaítear ar fhéarach nádúrtha nó curaíochta le héicitíopaí áitiúla agus ina bhfuil cróch ag fás leis na céadta blianta.'

Le blianta beaga anuas, tá iarratais ó go leor fiontraithe óga lonnaithe i mbardais nár gcuireadh san áireamh, d'ainneoin traidisiún a bheith ann don táirgeadh sin, tráth an chlárúcháin toisc nár léirigh aon duine go raibh spéis acu a bheith mar chuid den limistéar geografach sainithe.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Baineann an leasú sin le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.5 den doiciméad aonair*

Leagan nua:

'Féadfar an táirge a dhíol ina iomláine nó ina sciartha.

Ní tháirgtear sciartha de "Piacentinu Ennese" ach amháin trí cháiseanna atá deimhnithe cheana féin a ghearradh. Ní mór "Piacentinu Ennese" atá roinnte a phacáistiú i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha, agus in aon chás ar bhealach nach gcuireann isteach ar sheilfré ná ar thréithe orgánaileipteacha na cáise.'

Cuireadh an ceanglas sin isteach chun soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha faoina ndéantar na sciartha agus chun agóidí a sheachaint le linn seiceálacha.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.6 den doiciméad aonair maidir le lipéadú an táirge*

Cuireadh íomhá an lógó nach n-áirítear ach sa tsonraíocht táirge sa doiciméad aonair chun an dá dhoiciméad a ailíniú agus cuireadh an abairt seo a leanas isteach:

'Tá lipéad ar an bpacáistíocht ar a bhfuil cód lena sainaithnítear an cháis iomlán nó sciartha di má roinntear an cháis.'

Leis an abairt bhreise sin, beidh tomhaltóirí in ann an táirge a shainaithint go tapa agus beidh seiceálacha níos éifeachtaí dá barr.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

'Piacentinu Ennese'

Uimh. AE: PDO-IT-0646-AM01 — 31.3.2025

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

'Piacentinu Ennese'

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 04 — TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

0406 — Cáis agus gruth

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Is cáis dhlúthbhrúite í cáis an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Piacentinu Ennese' a dhéantar as bainne amh iomlán, le haigéadacht nádúrtha ón gcoipeadh, ó chaoirigh de phórtha dúchasacha na Sicile mar atá Comisana, Pinzirita agus Valle del Belice agus a gcrosphórtha. Nuair a scaoiltear é lena thomhailt, bíonn na saintréithe seo a leanas ann: Cruth: sorcóireach, le sáil atá beagán cuasach nó beagnach díreach; aghaidheanna cothroma nó beagán cuasach. Toisí: 11 cm ar a laghad agus 15 cm ar a mhéad, idir 18 cm agus 20 cm ar trastomhas i gcás na n-aghaidheanna, a fhaightear trí chiseán giolcacha a úsáid.' Meáchan: idir 3,5 agus 4,5 kg. Cuma sheachtrach: craiceann buí dian a bheag nó a mhór mar gheall ar chróch a bheith ann; marcanna ón gciseán agus clúdach scannánach ola nó dríodair ola; ní ceadmhach an craiceann a bheith níos mó ná 5 mm ar tiús. Cuma inmheánach: taos buí aonfhoirmeach le ton dian a bheag nó a mhór. Súile: d'fhéadfadh súile an-bheag a bheith ann. Cuma an taois: mín agus neamhghránach. Úscadh: idir úscadh ar bith agus úscadh ar éigean. Tréithe orgánaileipteacha: boladh fíneálta le dea-bholadh beag cróch; blas goirt nach bhfuil suntasach ar chor ar bith; beagán géar sna chéad mhíonna den aosú agus claonadh ann a bheith níos géire. Airíonna ceimiceacha: saill: 40 % ar a laghad den ábhar tirim; cion próitéine: 35 % ar a laghad den ábhar tirim; Salann (NaCl): 5 % ar a mhéad den ábhar tirim; pH: idir 4,80 agus 5,70. Ní mór 'Piacentinu Ennese' a aibiú ar feadh 60 lá ar a laghad tar éis dháta an táirgthe. Ní mór an t-aibiú a dhéanamh in áit fhionnuar le hoscailtí beaga chun aeráil mheasartha a sholáthar; nó i siopaí a choinníonn teocht idir 8 agus 10 °C agus bogthaise choibhneasta idir 70 agus 80 %.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Beathaítear na caoirigh ar fhéarach nádúrtha agus/nó curaíochta, le farae úr, féar tirim agus tuí ón limistéar táirgeachta ainmnithe, coinleach cruithneachta agus fotháirgí saothraithe glasraí: cladóidí piorraí deilgneacha, ghearrtháin ó chrainn ológ ón bprúnáil gheimhridh, iad uile ón limistéar táirgeachta. Cuirtear na caoirigh amach ar féarach den chuid is mó den bhliain de ghnáth. Ceadaítear srianta ar bheathú féaraigh i gcás inar dócha go mbeidh tionchar díobhálach ag dálaí atmaisféaracha, aeráide nó sláinte ar cháilíocht an fharae úir agus/nó an bhainne.

Féadfar úsáid forlíontaí a cheadú i bhfoirm gránaigh, léagúm agus dlúthbhianna simplí nó casta. Ní fhéadfar forlíontaí den sórt sin a thabhairt do na caoirigh ach amháin ar na laethanta geimhridh sin nach féidir leo dul amach ar féarach.

Bainne: bainne amh, iomlán, le haigéadacht nádúrtha ó choipeadh mar atá pH 6,5 go 6,8, ó chaoirigh de phórtha dúchasacha na Sicile mar atá Comisana, Pinzirita agus Valle del Belice agus a gcrosphórtha laistigh den limistéar táirgeachta.

Binid: taos binide uain nó meannáin: ó uain nó meannáin a phóraítear sa limistéar táirgeachta.

Cróch (*Crocus sativus*): a tháirgtear sa limistéar táirgeachta. Tá cróch an-oiriúnach chun é a fhás sa tSicil. Tá na dálaí comhshaoil tipiciúla i limistéar Enna fabhrach do tháirgeadh 'cróch ardcháilíocht', mar a fhianaítear leis an gcion ard cróicin agus piocracróicin atá ann. Mar gheall air sin, is féidir cróch Enna a chur i gcatagóir cháilíochta I agus II agus fágann a cháilíochtaí aramatacha sonracha go bhfuil cumhracht an táirge deiridh níos déine agus níos sainiúla.

Piobar dubh (*Piper nigrum*): cuirtear piobar dubh iomlán le cáis 'Piacentinu Ennese'. Ní mór an piobar dubh iomlán a ní in uisce te (os cionn 80 °C) ar feadh cúpla soicind sula gcuirtear leis an gcáis é.

Salann (NaCl): grán garbh. Ní mór an salann a úsáidtear chun 'Piacentinu Ennese' a tháirgeadh a bheith go hiomlán bán.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Is iad feirmeoireacht na n-ainmhithe, táirgeadh na cáise agus aibiú na cáise na céimeanna táirgthe nach mór a dhéanamh laistigh den limistéar táirgeachta.

3.5. ***Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Féadfar an táirge a dhíol ina iomláine nó ina sciartha.

Ní tháirgtear sciartha de 'Piacentinu Ennese' ach amháin trí cháiseanna atá deimhnithe cheana féin a ghearradh. Ní mór 'Piacentinu Ennese' atá roinnte a phacáistiú i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha, agus in aon chás ar bhealach nach gcuireann isteach ar sheilfré ná ar thréithe orgánaileipteacha na cáise.

3.6. ***Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Sainaithnítear an cháis trí ainmchlár cáiséine agus lipéad a ghreamú.

Greamaítear an t-ainmchlár cáiséine ar a bhfuil na focail 'Piacentinu Ennese' agus códuimhir aitheantais mhúnla na cáise le linn chéimeanna an mhúnlaithe agus an fháscaidh.

Chomh maith le siombail ghrafach agus tásca grafacha an Aontais agus an fhaisnéis a cheanglaítear leis an dlí, ní mór na tásca seo a leanas a bheith ar an lipéadú rothaí 'Piacentinu Ennese' i gcló soiléir inléite:

'Piacentinu Ennese' agus na litreacha 'DOP' (ATFC) ar mhéid níos mó ná aon fhoclaíocht eile;

ainm, ainm gnó agus seoladh an táirgeora agus/nó an phacáisteora;

an lógó.

Is éard atá sa lógó cruth éilipseach, ar faoina bhun atá na focail 'Piacentinu Ennese' le feiceáil ar líne aonair, scríofa ó chlé go deas. Laistigh den chruth tá íomhá de cháis 'Piacentinu Ennese' le piobarchaora le slisne gearrtha aisti i gcruth na Sicile.



Tá lipéad ar an bpacáistíocht ar a bhfuil cód lena sainaithnítear an cháis iomlán nó sciartha di má roinntear an cháis.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsítear sa limistéar táirgeachta bainne, cáiseoireachta agus aibithe le haghaidh 'Piacentinu Ennese' cúige riaracháin Enna ina iomláine inar tógadh go traidisiúnta caoirigh de phórtha dúchasacha a bheathaítear ar fhéarach nádúrtha nó curaíochta le héicitíopaí áitiúla agus ina bhfuil cróch ag fás leis na céadta blianta.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh:

Cuireann tír-raon sléibhtiúil limistéar táirgeachta 'Piacientinu Ennese' agus a fhad ón bhfarraige, rud a thugann an aeráid fho-ilchríochach is saintréith dó, le táirgeadh farae a bhfuil saintréithe speisialta cainníochtúla agus cáilíochtúla aige agus lena infhaighteacht i rith na bliana. Tarlaíonn táirgeadh i limistéar arb é is príomhthréith dó ithreacha donna ar thalamh le fána réidh ina bhfuil limistéir fhéaraigh shainiúla atá an-oiriúnach do tháirgeadh farae. Tá an talamh idir 400 agus 800 m os cionn leibhéal na farraige. Cuireann flóra an fhéaraigh nádúrtha farae ar fáil arb é atá ann go bunúsach féara agus léagúim ina bhfuil éicitíopaí áitiúla den chuid is mó.

Is iondúil gurb éard atá san fharae a fhástar tar éis bhuaint an ghráin éicitíopaí áitiúla peasaire a fhástar le seamair choirce agus *Hedysarum coronarium*.

Thairis sin, tá dálaí comhshaoil tipiciúla limistéar Enna an-oiriúnach do tháirgeadh cróch ardcháilíochta.

Sainiúlacht an táirge:

Is saintréith ar leith de 'Piacentinu Ennese' cróch a chur leis an mbainne le linn an phróisis cáiseoireachta, rud a thugann an dath buí saintréitheach di. Tá an tsaintréith sin sa bhreis ar a dea-bholadh speisialta a eascraíonn as barra farae an limistéir a dtéann a ndea-bholaithe, a thagann ó shubstaintí a fhaightear go nádúrtha nó ó 'theirpéiní', gan athrú isteach sa bhainne agus ansin isteach sa cháis a tháirgtear as.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá aige (i gcás TGFC):

Is éard is saintréith de cháis 'Piacentinu Ennese' an dath buí cothrom a fhaigheann sí ón gcróch a fhástar sa limistéar agus a chuirtear leis an mbainne le linn na cáiseoireachta. Is fianaise é an cion ard cróicin agus piocracróicin ar cháilíocht an chróch a úsáideadh. Mar gheall air sin, is féidir cróch Enna a chur i gcatagóir cháilíochta I agus II agus fágann a cháilíochtaí aramatacha sonracha go bhfuil cumhracht an táirge deiridh níos déine agus níos sainiúla. A bhuí leis an easpa tionscail, is tearmann glas atá saor ó thruailliú é cúige Enna a fheabhsaíonn an luach éiceolaíoch a bhaineann leis an ngníomhaíocht talmhaíochta agus thréadach. Tá feirmeoireacht caorach, lena n-áirítear táirgeadh bainne caorach, ar cheann de na hearnálacha is lú tionchar ar an gcomhshaol. Bíonn saintréithe speisialta cainníochtúla agus cáilíochtúla ag baint le féarach mar thoradh ar oragrafaíocht an limistéir táirgeachta agus a aeráid fho-ilchríochach; agus iad suite ag idir 400 agus 800 m os cionn leibhéal na farraige, tá tailte na hithreach donna, ar ithreacha cré, gainmheacha agus leathdhlútha iad den chuid is mó, fabhrach d'fhás féaraigh ag a bhfuil próifíl aramatach ar leith a eascraíonn as substaintí de bhunadh plandúil a fhaightear go nádúrtha, amhail 'teirpéiní', a théann gan athrú ó na barra farae isteach sa bhainne agus ansin isteach sa cháis a tháirgtear as. Aimsíodh teirpéin áirithe, 'α-terpineol', in 'Piacentinu Ennese'; tagann sí go heisiach ó na húscraí féaraigh atá in Enna a chuireann dea-bholadh uathúil agus sonrach ar an táirge. Le bunús ársa na cáiseoireachta i gcúige Enna mar aon le táirgeadh traidisiúnta bainne caorach agus cróch fiáin agus saothraithe araon a bheith ann, creidtear an míniú a thug seancháiseoirí ar an nath 'piacentinu'. De réir foinsí díreacha den sórt sin, tagraíonn an téarma do chineál taitneamhach an táirge: go deimhin, tá cáilíocht thaitneamhach i gceist leis an mblas, nach bhfuil ró-láidir, mar gheall ar chróch a bheith ann freisin. Is ón nath cainte áitiúil a thagann an focal: tagraíonn 'piacentinu' ó 'piacenti' ón tSicil nó 'taitneamhach', dá 'nádúr taitneamhach' agus déantar an t-ainm 'piacentinu' a thaifeadadh i seantéacsanna amhail *Le Venti Giornate dell'Agricoltura e dei Piaceri della Villa* (Fiche Lá Talmhaíochta agus Pléisiúr an Bhaile), a thagann ón 16ú Céad, a thagraíonn don mhodh saillte agus a chuireann cróch isteach chun dath níos mó a thabhairt don cháis; nó in *La Sicilia Passeggiata* (Bealaí siúlóide tríd an tSicil) le Maja sa 17ú Céad, agus fiú ó sheanscéal ina raibh Ruggero

il Normanno (Roger I ón tSicil) a raibh imní air faoi mheabhairshláinte a bhean chéile a bhí thíos leis an dúlagar ach ó tharla go raibh dúil mhallaithe aige sa cháis, d'iarr sé ar a cháiseoirí cáis a dhéanamh a bhfuil airíonna draíochta aici. Mar thoradh air sin, bhí an smaoineamh ann braon de *Crocus sativus* a chur leis an ngruth, a bhfuil cáil air mar gheall ar a airíonna spreagúla agus airíonna a thugann fuinneamh. Lean táirgeadh na cáise sin ar aghaidh leis na céadta anuas go dtí an lá atá inniu ann, agus is cuid eisiach gan cheist í den oidhreacht stairiúil, chultúrtha agus táirgeachta atá uathúil do chúige Enna.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252Fa%252F6%252FD.4ad9f8ed81dec60fa3c0/P/BLOB%3AID%3D3340/E/pdf?mode=download